Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Márta 2023**
**(OR. en)**

**6720/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0040(NLE)**

**FISC 35**
**ECOFIN 179**

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear do Phoblacht na hIodáile beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 285 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/647 |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena n-údaraítear do Phoblacht na hIodáile beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 285 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/647**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha[1], agus go háirithe Airteagal 395(1), an chéad fhomhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/647 ón gComhairle[1], údaraítear don Iodáil beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 285 de Threoir 2006/112/CE chun daoine inchánach nach mó a láimhdeachas bliantúil ná EUR 65 000 a dhíolmhú ó CBL go dtí an 31 Nollaig 2024.

(2) Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 29 Samhain 2022, d'iarr an Iodáil údarú chun beart a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2024, de mhaolú ar Airteagal 285 de Threoir 2006/112/CE chun daoine inchánach nach airde ná EUR 85 000 a láimhdeachas bliantúil a dhíolmhú ó CBL ('an beart speisialta').

(3) De bhun Airteagal 395(2), an dara fomhír, de Threoir 2006/112/CE, tharchuir an Coimisiún an iarraidh a rinne an Iodáil chuig na Ballstáit eile, le litir dar dáta an 8 Nollaig 2022. Le litir dar dáta an 9 Nollaig 2022, thug an Coimisiún fógra don Iodáil go raibh an fhaisnéis uile aige chun breithmheas a dhéanamh ar an iarraidh.

(4) Tá an beart speisialta i gcomhréir le Treoir (AE) 2020/285 ón gComhairle[2], lena bhféachtar leis an ualach comhlíontachta ar fhiontair bheaga a laghdú agus le saobhadh iomaíochta sa mhargadh inmheánach a sheachaint.

---

1 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/647 ón gComhairle an 11 Bealtaine 2020 lena n-údaraítear do Phoblacht na hIodáile beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 285 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 151, 14.5.2020, lch. 7).

2 Treoir (AE) 2020/285 ón gComhairle an 18 Feabhra 2020 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a mhéid a bhaineann leis an scéim speisialta d'fhiontair bheaga agus Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann leis an gcomhar riaracháin agus leis an malartú faisnéise chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart na scéime speisialta d'fhiontair bheaga (IO L 62, 2.3.2020, lch. 13).

(5) Leanfaidh an beart speisialta de bheith roghnach do dhaoine inchánach. Féadfaidh daoine inchánach na gnáthshocruithe CBL a roghnú i gcomhréir le hAirteagal 290 de Threoir 2006/112/CE.

(6) De réir na faisnéise a chuir an Iodáil ar fáil, ní bheidh ach éifeacht dhiomaibhseach ag an mbeart speisialta ar mhéid foriomlán an ioncaim cánach a bhailíonn an Iodáil ag céim an tomhaltais deiridh.

(7) Tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) 2021/769 ón gComhairle[1], níl aon ríomh ar chúiteamh le déanamh ag an Iodáil maidir leis an ráiteas faoin acmhainní dílse CBL-bhunaithe don bhliain airgeadais 2023 agus ina dhiaidh sin.

(8) Ós rud é go raibh tionchar dearfach ag an mbeart speisialta ar shimpliú na n-oibleagáidí a bhaineann le CBL, agus é gur laghdaigh sé t-an ualach riaracháin agus na costais chomhlíontachta d’fhiontair bheaga agus d’údaráis chánach araon agus gur thug sé cead don Iodáil tuilleadh acmhainní a leithdháileadh ar an gcomhrac i gcoinne calaois CBL trína gníomhaíochtaí rialaithe a dhíriú ar na daoine is mó atá inchánach, agus ós rud é nach mbeidh aon tionchar mór aige ar an ioncam CBL iomlán a ghinfear, ba cheart údarú a thabhairt don Iodáil an beart speisialta a chur i bhfeidhm.

---

1 Rialachán (AE, Euratom) 2021/769 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 lena leasaítear Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89 maidir leis na comhshocraíochtaí aonfhoirmeacha cinntitheacha chun acmhainní dílse a fhabhraíonn ó cháin bhreisluacha a bhailiú (IO L 165, 11.5.2021, lch. 9).

(9) Chun sláine thréimhse chánach na hIodáile, dar tús an 1 Eanáir agus a mhaireann go ceann bliana, a áirithiú agus chun nach gcuirfear ualach iomarcach riaracháin ar dhaoine inchánach agus ar údaráis chánach, is iomchuí údarú a thabhairt chun an beart speisialta a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2023. Trína fhoráil go gcuirfear an beart speisialta i bhfeidhm ó dháta a thagann roimh an dáta a ngabhann éifeacht leis, déantar ionchais dhlisteanacha daoine inchánach incháilithe a urramú ós rud é nach gcuireann an beart speisialta isteach ar a gcearta ná ar a n-oibleagáidí.

(10) Ba cheart cur i bhfeidhm an bhirt speisialta a bheith teoranta ó thaobh ama de. Ba cheart an teorainn ama a bheith leordhóthanach chun gur féidir leis an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht agus oiriúnacht na tairsí reatha. Thairis sin, de bhun Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2020/285, tá na Ballstáit, faoin 31 Nollaig 2024, leis na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá a ghlacadh agus a fhoilsiú chun Airteagal 1(12) den Treoir sin a chomhlíonadh, agus tá siad leis na forálacha sin a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2025. Is iomchuí, dá bhrí sin, údarú a thabhairt don Iodáil an beart speisialta a chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2024.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/647 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

De mhaolú ar Airteagal 285 de Threoir 2006/112/CE, maidir le daoine inchánach ag a bhfuil láimhdeachas bliantúil nach airde ná EUR 85 000, údaraítear don Iodáil iad a dhíolmhú ó CBL.

*Airteagal 2*

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/647.

*Airteagal 3*

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo ar an dáta a dtabharfar fógra ina leith.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2024.

*Airteagal 4*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na hIodáile.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*